# Imeachtaí Foclóireachta Fhoras na Gaeilge

## Oireachtas na Samhna 2022

**Dáta:** **Dé hAoine, 4 Samhain**
**Láthair:** **Seomra na Mumhan, Óstán Brehon**

| Ó | Go dtí | Ábhar | Cainteoir |
|---|---|---|---|
| 2.00 | 2.45 | **Úsáid *focloir.ie* agus *teanglann.ie***<br>Cur i láthair 30 nóiméad ag taispeáint conas lántairbhe a bhaint as na foclóirí agus áiseanna ar líne ag focloir.ie agus teanglann.ie. Seisiún gairid ceisteanna agus plé ina dhiaidh.<br><br>Tae agus caife ar fáil. | Pádraig Ó Mianáin & Cormac Breathnach |
| | | | |
| 4.00 | 4.45 | **Seoladh Tionscadail: Foclóirí Nua Gaeilge 2022-2027**<br><br>Tá tús curtha ag Foras na Gaeilge le tionscadal nua ceannródaíoch ina bhfuil i gceist dhá fhoclóir nua Gaeilge a fhoilsiú in éineacht: an chéad mhórfhoclóir aonteangach Gaeilge agus Foclóir Nua Gaeilge-Béarla, comharba ar Fhoclóir cáiliúil Néill Uí Dhónaill.<br><br>Cuirfear síos sa seisiún eolais seo ar an obair réamhullmhúcháin atá déanta agus ar an obair a bheidh le déanamh sna cúig bliana amach romhainn chun an dá fhoclóir seo a thabhairt ar an saol. Pléifear roinnt de na deacrachtaí agus dúshláin a bheidh roimh an bhfoireann eagarthóireachta.<br><br>Beidh seisiún ceisteanna agus plé ina dhiaidh.<br><br>Craolfar an seisiún seo ar leathanach YouTube Fhoras na Gaeilge.<br><br>Tae agus caife ar fáil. | Pádraig Ó Mianáin & Cormac Breathnach |

**Dáta:** **Dé Sathairn 5 Samhain**
**Láthair:** **Seomra na Mumhan, Óstán Brehon**

| **Ó** | **Go dtí** | **Ábhar** |
|---|---|---|
| 1.00 | 2.30 | **Siompóisiam Foclóireachta: An Ghaeilge @ 2050 – a Réim agus a Riocht**<br><br>Déanfaidh painéal aoichainteoirí plé ar an riocht ina mbeidh an teanga i gceann 30 bliain, dar leo. Cá mbeidh sí á labhairt agus cé aige? An mó athrú a thiocfaidh ar chúrsaí gramadaí agus litrithe? Cén chuma a bheidh ar an teanga labhartha agus scríofa? Déanfar cíoradh ar na ceisteanna sin agus ar mhórán ceisteanna eile.<br><br>**Cathaoirleach**: Máirín Ní Ghadhra<br><br>**Painéal**: Donncha Ó hÉallaithe, Sorcha Ní Chéilleachair, Noel Ó Murchadha<br><br>Beidh seisiún ceisteanna agus plé ann ina dhiaidh.<br><br>Tae agus caife ar fáil. |